

BREACÓGA.

(Ringed plover de réir Mhicil)

An ceol is deise a chuala tú ariamh an ceol a bhíonn ag na breacóga trágha. Ní fiú a bheith ag breathnú ar na héanacha óga, ach an ceol a bhíonn aca istigh sa nead. Nuair a bhíos an snátha mara déanta ag Rabharta mór na n-éan déanfa' siad an nead sa snáth mara.

Mara gcloisfeá an ceol ní fheicfeá sa snáth mara iad. Ar aon dath leis an tráigh atá na cinn óga. Is beag an nead a bhíonn aca, ní bhíonn aon blas ann ach gaineamh nó b'fhéidir go mbeadh nead aca ar leic, dá bhfuighidís bullán ar bith innte. Bíonn siad síos aníos leis an taoille. An méid a itheann siad an méid a chaitheas an taoille chuca - dreancaidí mara, bíonn siad ag pléasgadh aníos ar an tráigh. Leanann na cinn óga na sean-éin, bíonn áirdeall ag na sean-éin orthab. Is minic a chonnaic mé cinn óga báidhte.

1/12/31.

